# Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca Music Generation Chiarraí

Cuireann Music Generation Chiarraí oideachas ceoil ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga suas go dtí 18 mbliana d'aois.

I gcomhréir le ceanglais An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín le Tús Áite do Leanaí (2019), Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Treoir Tusla maidir le Ráitis um Chosaint Leanaí a ullmhú, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo aontaithe ag Bord Bainistíochta BOO Chiarraí.

Glacann Music Generation Chiarraí le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Caomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan aon athruithe, mar chuid den Ráiteas foriomlán seo um Chosaint Leanaí

An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe: Deirdre Johnson

An Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Seamus Whitty

Aithníonn Music Generation Chiarraí go dtéann cúrsaí cosanta agus leasa leanaí i bhfeidhm ar gach gné de shaol na scoile agus nach mór iad a léiriú inár mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus inár ngníomhaíochtaí go léir. Cloífidh Music Generation Chiarraí leis na prionsabail dea-chleachtais seo a leanas mar a bhaineann le cosaint agus leas leanaí ina chuid beartas, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí:

Déanfaidh Music Generation Chiarraí:

- a aithint go bhfuil cosaint agus leas leanaí fíorthábhachtach, beag beann ar aon ghné eile;
- a chuid oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a chomhlíonadh ina n-iomláine, chomh maith le reachtaíocht ábhartha ar bith eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí;
- cleachtais shábháilteachta a chur i bhfeidhm chun an seans go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú a oiread agus is féidir agus chun oibrithe a chosaint ón ngá a bheadh ann rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil oscailte do líomhaintí mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas i leith oscailteacht a fhorbairt ar mhaithe le tuismitheoirí agus tuismitheoirí a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- cloí go hiomlán leis na riachtanais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh Music Generation Chiarraí leis na prionsabail thuas freisin i gcás dalta fásta ar bith ag a mbeadh leochaileacht speisialta.

Tá na nósanna imeachta/na bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- I gcás aon bhall foirne a bheadh faoi imscrúdú (pé sainchuntas a thugtar air) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i leith linbh a bheadh páirteach i gclár Music Generation Chiarraí, cloíonn Music Generation Chiarraí leis na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta smachtaithe ábhartha d'oideachasóirí ceoltóirí atá aontaithe agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an ROS.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht mar a bhaineann le bheith ag obair le leanaí, cloíonn Music Generation Chiarraí le riachtanais reachtúla ghrinnfhiosrúcháin Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir maidir le dualgais chúraim níos leithne atá leagtha amach i gciorcláin ábhartha ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

- Ó thaobh eolas a chur ar fáil don fhoireann agus, nuair is gá, teagasc agus oiliúint a sholáthar, chun go n-aithneoidh siad díobháil (mar a shainmhínítear é in Acht 2015) tá Music Generation Chiarraí –

  - Tar éis cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí Music Generation Chiarraí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann
  - Ag cinntiú go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí Music Generation Chiarraí ar fáil do gach ball nua foirne
  - Ag spreagadh baill foirne le leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Ag spreagadh baill an choiste le leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Ag coinneáil taifid den traenáil a chuirtear ar gach ball den fhoireann agus gach ball den Bhord

- I dtaca le hábhair imní faoi chosaint leanaí a chur in iúl do Tusla, ceanglaítear ar phearsanra uile na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017*, lena n-áirítear, i gcás teagascóirí ceoil, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag bord BOO Chiarraí mar "dhuine ábhartha" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) le bheith ar an gcéad phointe teagmhála mar a bhaineann le ráiteas um chumhdach leanaí Music Generation Chiarraí.

- Tá sainordú ag gach Teagascóir Ceoil atá fostaithe ag Music Generation Kerry faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Aguisín Thús Áite do Leanaí (2019), tá measúnú déanta ag Music Generation Chiarraí ar aon díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh do leanbh a bheadh ag freastal ar chláir Music Generation Chiarraí nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí de chuid Music Generation. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca atá aitheanta agus na nósanna imeachta atá ag Music Generation Chiarraí chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla a bhfuil tagairt dóibh sa Ráiteas seo i mbileoga cláraithe Music Generation nó cuirfidh Music Genaration Chiarraí ar fáil iad ach iad a iarraidh.

- Cuirtear an ráiteas seo ar fáil do gach ball de phearsanra Music Generation Chiarraí agus do phearsanra na scoileanna agus na n-eagraíochtaí atá i gcomhpháirt le Music Generation Chiarraí ach é a iarraidh. Feadfaidh tuismitheoirí agus caomhnóirí teacht air go héasca ach é a iarraidh.
- Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar é.

- Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo uair sa bhliain nó a luaithe is féidir tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar aon ní a bhfuil tagairt dó sa ráiteas seo.

Ghlac Music Generation Chiarraí leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo ar 4_ Feabhra, 2022 __________________ [dáta].

Rinne Music Generation Kerry athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo ar 4 Feabhra, 2022 [an dáta athbhreithnithe is déanaí].

Sínithe *Seamus Whitty*
Seamus Whitty (Feb 4, 2022 16:01 GMT)
______________________________

Oifigeach Forbartha Óige

Dáta: 4 Feabhra 2022

Sínithe *Deirdre Johnson*
Deirdre Johnson (Feb 4, 2022 14:36 GMT)
______________________________

Oifigeach Forbartha Music Generation

Dáta: 4 Feabhra 2022

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa ar Riosca mar a bhaineann le Music Generation Chiarraí

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglais Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa atá ag Music Generation Chiarraí.

**Liosta de na gníomhaíochtaí scoile**

| |
|---|
| Daltaí ag teacht agus ag imeacht gach lá |
| Teagasc Ar Líne |
| Teagasc sa seomra ranga |
| Teagasc duine le duine |
| Gníomhaíochtaí lasmuigh |
| Gníomhaíochtaí Spóirt |
| Turas de chuid MG Chiarraí |
| Turas de chuid MG Chiarraí ina bhfantar thar oíche |
| Turais de chuid MG Chiarraí ina mbíonn taisteal thar lear i gceist |
| Úsáid as leithris/ionaid feistis /cithfholctha in Ionaid MG Chiarraí |
| Imeachtaí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí páirteach iontu |
| Áiseanna lasmuigh den láthair a bheith in úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí MG Chiarraí |
| Socruithe iompair MG Chiarraí |
| Iompar dúshlánach i measc daltaí a bhainistiú, lena n-áirítear úsáid chuí a bhaint as srianadh ó bhéal nó srianadh fisiciúil/neamhfhisiciúil nuair is gá |
| Leigheas a bheith á thabhairt |
| Garchabhair a bheith á tabhairt |
| Bulaíocht i measc daltaí a chosc agus déileáil léi |

**Tá an baol díobhála seo a leanas aitheanta ag Music Generation Chiarraí mar a bhaineann lena ghníomhaíochtaí –**

| uimh. | Riosca Aitheanta | Leibhéal an Riosca a Aithníodh | Nós Imeachta atá i bhfeidhm chun riosca aitheanta a Bhainistiú |
|---|---|---|---|
| **1.** | Nach n-aithneodh pearsanra MG Chiarraí baol díobhála | Meánleibhéal | ✓ Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* MG Chiarraí ar fáil do gach pearsanra de chuid MG Chiarraí.<br>✓ Ceanglaítear ar gach ball de chuid MG Chiarraí cloí leis an Acht um Thús áite do Leanaí 2015.<br>✓ Tá Oiliúint um Chosaint / Chumhdach Leanaí TUSLA déanta ag gach Ball Foirne agus spreagtar iad le tabhairt faoi oiliúint ar líne le PDST. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | Nach ndéanfadh baill MG Chiarraí díobháil a thuairisciú i gceart agus a thuairisciú go pras. | Meánleibhéal | ✓ Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí MG Chiarraí* ar fáil do gach ball de MG Chiarraí.<br>✓ Cuirtear *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017* ar fáil do gach ball de chuid MG Chiarraí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ✓ Ceanglaítear ar Bhaill MG Chiarraí cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus ceanglaítear ar gach ball foirne atá cláraithe mar mhúinteoir cloí leis an Acht um *Thús Áite do Leanaí 2015.*<br>✓ Tá Oiliúint um Chosaint / Chumhdach Leanaí TUSLA déanta ag gach Ball Foirne agus spreagtar iad chun tabhairt faoin oiliúint ar líne a chuireann PDST ar fáil. |
| **3.** | An baol go ndéanfadh ball de chuid MG Chiarraí díobháil do leanbh in MG Chiarraí. | Íseal | ✓ Cloíonn MG Chiarraí le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hearcaíocht agus le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí leis na nósanna imeachta smachtaithe i gcás bhaill teagaisc na foirne. |
| **4.** | An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh in MG Chiarraí. | Íseal | ✓ Polasaí a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* na Roinne.<br>✓ Tá cód iompair i bhfeidhm ag MG Chiarraí do dhaltaí agus tugtar cóip de Leabhrán Eolais MG Chiarraí do gach dalta mar chuid d'ionduchtú an dalta. |
| **5.** | An baol go ndéanfadh cuairteoir nó oibrí deonach díobháil do leanbh in MG Chiarraí. | Ard | ✓ Ní mór do gach Oibrí Deonach nó Cuairteoir síniú isteach.<br>✓ Ní fhágtar aon oibrí deonach ná cuairteoir ina n-aonar le leanbh.<br>✓ Tá polasaí i leith cuairteoirí / aoichainteoirí /oibrithe deonacha ag MG Chiarraí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | An baol go ndéanfadh ball de phearsanra MG Chiarraí, ball foirne d'eagraíocht eile nó duine eile díobháil do leanbh le linn don leanbh a bheith ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí taobh amuigh de MG Chiarraí m.sh. Turas Chiarraí MG nó imeacht taibhithe. | Ard | ✓ Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag MG Chiarraí i dtaca le turais de chuid MG Chiarraí.<br>✓ Bíonn ball de BOO Chiarraí nó ball cleamhnaithe eile in éineacht leis na daltaí ar feadh cuid de thréimhse an tsocrúcháin.<br>✓ Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag MG Chiarraí maidir le daoine seachtracha a úsáid chun cur le seachadadh an churaclaim.<br>✓ Déantar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach ball foirne teagaisc de chuid BOO Chiarraí a théann le daltaí chuig imeachtaí de chuid MG Chiarraí nó chuig imeachtaí spóirt. |
| **7.** | Baol díobhála mar gheall ar bhulaíocht a bheith déanta ar leanbh. | Íseal | ✓ Tá Polasaí Frithbhulaíochta ag MG Chiarraí a chloíonn go hiomlán le riachtanais na Roinne maidir le *Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | Baol díobhála toisc go raibh an mhaoirseacht a bhí déanta ar leanaí ar scoil easnamhach | Íseal | ✓ Baineann MG Chiarraí úsáid as róta ionadaíochta nuair a bhíonn baill foirne as láthair. |
| **9.** | Baol díobhála toisc go raibh an mhaoirseacht a bhí déanta ar leanaí easnamhach le linn dóibh a bheith ag freastal ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh de MG Chiarraí. | Meánleibhéal | ✓ Bíonn gach imeacht taobh amuigh de MG Chiarraí faoi mhaoirseacht fhoireann MG Chiarraí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10.** | Baol díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh eile nó idir leanbh agus duine fásta. | Ard | ✓ Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* MG Chiarraí ar fáil do gach ball de MG Chiarraí.<br>✓ Cuirtear *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017* ar fáil do phearsanra uile MG Chiarraí.<br>✓ Ceanglaítear ar Bhaill de MG Chiarraí cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus ceanglaítear ar gach ball foirne teagaisc atá cláraithe cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*<br>✓ Tá Oiliúint um Chosaint / Chumhdach Leanaí TUSLA déanta ag gach Ball Foirne agus spreagtar iad chun tabhairt faoin oiliúint a chuireann PDST ar fáil ar líne. |
| **11.** | Baol díobhála toisc gur tháinig leanaí go míchuí ar ríomhairí, ar mheáin shóisialta, ar fhóin nó ar ghléasanna eile agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí de chuid MG Chiarraí. | Ard | ✓ Cloíonn MG Chiarraí le beartas TFC BOO Chiarraí maidir leis an úsáid a bhaineann daltaí as TFC.<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí le polasaí fón póca BOO Chiarraí maidir leis an úsáid a bhaineann daltaí as an bhfón póca. |
| **12** | Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair a bheith easnamhach. | Íseal | ✓ Cloíonn Music Generation le cód iompair BOO Chiarraí. |
| **13.** | Baol díobhála le linn teagaisc duine le duine, comhairleoireachta, suíomh cóitseála. | Meánleibheal | ✓ Cloíonn MG Chiarraí le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna ar earcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí le cóid iompair BOO Chiarraí mar a bhaineann le pearsanra MG Chiarraí (foireann teagaisc agus foireann nach bhfuil ag teagasc).<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí leis na nósanna imeachta smachtaithe atá comhaontaithe ag BOO Chiarraí don fhoireann teagaisc. |
| **14.** | Baol díobhála de bharr ball de phearsanra MG Chiarraí a bheith ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, trí | Meánleibhéal | ✓ Cloíonn MG Chiarraí le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na ROS ar earcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí le cóid iompair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | théacsáil, trí ghléas digiteach nó ar bhealach eile. | | BOO Chiarraí sa chumarsáid lena phearsanra (foireann teagaisc agus foireann nach bhfuil ag teagasc). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ✓ Cloíonn MG Chiarraí leis na nósanna imeachta smachtaithe atá aontaithe mar a bhaineann leis an bhfoireann teagaisc. |
| **15.** | Riosca díobhála de bharr ball de phearsanra MG Chiarraí rochtain a fháil ar ábhar míchuí/é a scaipeadh trí na meáin shóisialta, trí théacsáil, trí ghléas digiteach nó ar bhealach eile | Meánleibhéal | ✓ Cloíonn MG Chiarraí le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais ar earcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí le cóid iompair BOO Chiarraí mar a bhaineann le pearsanra MG Chiarraí (foireann teagaisc agus foireann nach mbíonn ag teagasc )<br>✓ Cloíonn MG Chiarraí leis na nósanna imeachta smachtaithe foirne atá comhaontaithe ag BOO Chiarraí. |
| **16.** | Baol díobhála mar gheall ar gur úsáid gníomhaireachtaí seachtracha áiseanna le linn am MG Chiarraí. | Íseal | ✓ Ní mór do gach Oibrí Deonach nó Cuairteoir síniú isteach.<br>✓ Ní fhágtar aon oibrithe deonacha ná cuairteoirí ina n-aonar le leanbh.<br>✓ Caithfidh gach oibrí admháil a shíniú go bhfuair iad CSS MG Chiarraí. |
| **17** | Baol díobhála de bharr daltaí a bheith ag teacht agus ag imeacht lasmuigh de na huaireanta a mbítear ag feidhmiú. | Íseal | ✓ Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi na huaireanta oibre atá ag MG Chiarraí.<br>✓ Tá nósanna imeachta soiléire ann maidir le scaoileadh le daltaí.<br>✓ Tá nósanna imeachta soiléire ann maidir le glasáil agus díghlasáil na bhfoirgneamh a úsáideann MG Chiarraí. |

**1. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag Music Generation Chiarraí chun dul i ngleic leis na rioscaí díobhála a aithníodh sa mheasúnú seo –**

Agus é ag tabhairt faoin measúnú riosca seo, rinne MG Chiarraí iarracht na rioscaí díobhála a bhaineann le MG Chiarraí a aithint chomh maith agus a bhí ar a chumas é sin a dhéanamh go céillí agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun dul i ngleic le gach baol a aithnítear. Cé nach féidir gach baol díobhála a thuar agus deireadh a chur leis, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag MG Chiarraí chun rioscaí a bhainistiú agus a laghdú a oiread agus is féidir.

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí de réir na riachtanas faoin Acht um Leanaí agus *An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015*, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí* (2017), agus *Cosaint Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas*. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an gcuspóir atá againn leanaí a chosaint fad is atá siad ag baint leasa as an tseirbhís a chuirimid ar fáil:

- Nós imeachta chun bainistiú a dhéanamh ar líomhaintí faoi mhí-úsáid nó mí-iompair a chuirfeadh leanbh a bhain leas as ár seirbhísí i leith oibrithe/oibrithe deonacha;
- Nós imeachta faoinar féidir oibrithe agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú go sábháilte chun a bheith ag obair le leanaí;
- Nós imeachta i dtaca le hoiliúint agus faisnéis um chumhdach leanaí a chur ar fáil agus rochtain a bheith orthu, lena n-áirítear eachtra dhíobhálach a shainaithint;
- Nós imeachta ionas gur féidir ábhair imní a bhainfeadh le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla;
- Nós imeachta faoin a mbíonn liosta coinnithe de na daoine sa tseirbhís ábhartha a bhfuil sainordú tugtha dóibh;
- Nós imeachta chun an duine cuí a cheapadh.

Tá na nósanna imeachta go léir atá liostaithe ar fáil ach iad a iarraidh.

**Cur chun feidhme**

Agus é ag tabhairt faoin measúnú riosca seo, rinne MG Chiarraí iarracht, a oiread agus ab fhéidir, na rioscaí díobhála a bhaineann le MG Chiarraí a aithint agus d'fhonn gach riosca díobhála a thuar agus fáil réidh leis tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag MG Chiarraí d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar riosca agus é laghdú a oiread agus is féidir.

**Nóta Tábhachtach:** Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an riosca atá i gceist i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo ná "díobháil" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus nach baol ginearálta sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 den *Child Protection Procedures for Primary and Post- Primary Schools 2017*

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca Music Generation Chiarraí

Tuarascáil Iniúchta Deiridh 2022-02-04

| | |
|---|---|
| Cruthaithe: | 2022-02-04 |
| Ag: | Ann Hickey (ahickey@kerryetb.ie) |
| | Sínithe |
| ID Idirbhirt: | CBJCHBCAABAAj_SvZ1d5PIHI_2KYjpqpIEQIs4UjLskd |

## Stair "Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca Music Generation Chiarraí"

Cáipéis cruthaithe ag Ann Hickey (ahickey@kerryetb.ie)
2022-02-04 - 2:31:10 PM GMT- IP address: 137.191.249.74

Doiciméad ar ríomhphost chuig Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie) le síniú
2022-02-04 - 2:33:33 PM GMT

Ríomhphost feicthe ag Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie)
2022-02-04 - 2:36:04 PM GMT- Seoladh IP: 137.191.249.74

Doiciméad ríomhshínithe ag Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie)
Dáta an tSínithe: 2022-02-04 - 2:36:18 PM GMT - Foinse Ama: freastalaí- Seoladh IP: 137.191.249.74

Doiciméad ar ríomhphost chuig Seamus Whitty (swhitty@kerryetb.ie) le síniú
2022-02-04 - 2:36:19 PM GMT

Ríomhphost feicthe ag Seamus Whitty (swhitty@kerryetb.ie)
2022-02-04 - 2:48:27 PM GMT- Seoladh IP: 212.129.80.114

Doiciméad ríomhshínithe ag Seamus Whitty (swhitty@kerryetb.ie)
Dáta an tSínithe: 2022-02-04 - 4:01:25 PM GMT - Foinse Ama: freastalaí - Seoladh IP : 212.129.80.114

Comhaontú curtha i gcrích.
2022-02-04 - 4:01:25 PM GMT

Adobe Sign